



**lmetb**

*Bord Oideachais agus  
Oiliúna Lú agus na Mí*  
Louth and Meath Education  
and Training Board

**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

**PLEAN SEIRBHÍSE BLIANTÚIL 2021**

## Clár Ábhair

|   |    |
|---|----|
| 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí..... | 3  |
| 2. Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh .....   | 4  |
| 3. Próifíl / Cúlra BOO Lú & na Mí .....   | 6  |
| 4. Ráiteas ar Sheirbhísí 2021 .....   | 10 |
| 5. FORLÉARGAS AR SHEIRBHÍSÍ 2021 (BOO Sonrach).....                                 | 21 |
| 6. FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS RÉAMH-MHEASTA 2021 .....                                 | 25 |

# 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Is cúis áthais dom, mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí 2021 a chur i láthair. Sa doiciméad seo, leagtar amach plean oibríochtúla BOOLM don bhliain seo chugainn, agus cuirtear bonn ar fáil le haghaidh plé lenár maoinitheoirí maidir lenár bhfeidhmíocht.

Ba é COVID-19 go mór an chloch ba mhó ar an bpaidrín againn go léir le linn 2020 agus tá an chuma ar an scéal go n-imreoidh sé tionchar mór ar chúrsaí seachadta seirbhíse sa chéad leath ar a laghad i mbliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair chrua, don díograis agus don mhisneach a léirigh foireann BOOLM ar fud na heagraíochta agus iad ag dul i ngleic leis an dúshlán na pobail ar a ndéanaimid freastal a chosaint agus seachadadh seirbhísí á choinneáil agus á leathnú, fiú.

Is údar misnigh é gur roghnaigh na pobail ar a ndéanaimid freastal BOOLM mar an patrún is mó a bhfuil tóir air le blianta beaga anuas, rud a léiríonn caighdeán na seirbhísí a chuirimid ar fáil, chomh maith le díograis fhoireann BOOLM.

Tá cur chun cinn suntasach á dhéanamh ag BOOLM le blianta beaga anuas chun feabhas a cur ar bhonneagar tógála scoileanna agus ionad ar fud Lú agus na Mí. Tá obair shuntasach ar siúl i gcónaí chun síneadh a chur le háitribh reatha agus chun saoráidí úrscothacha a thógáil as an nua. Beidh tionscadal suaitheanta breisoideachais agus oiliúna BOOLM, an tIonad Bairr Feabhais um Ard-Déantúsaíocht agus Oiliúint (AMTCE) á sheachadadh ó áitreabh úrscothach i nDún Dealgan nuair a bheidh sé réidh. Athróidh an AMTCE cúrsaí oideachais agus oiliúna san Oirthuaisceart agus cuirfidh sé oiliúint den scoth san ard-déantúsaíocht ar fáil in Éirinn i dtionscadal uathúil a dearadh chun freagairt don saol i ndiaidh Brexit.

Chomh maith leis na hiarrachtaí comhoibritheacha leanúnacha lenár maoinitheoirí sa Roinn Oideachais, tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS BOOLM tar éis obair a dhéanamh go dlúth le páirtithe leasmhara ag an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear Údarás Áitiúla, Fiontraíocht Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun tionscnaimh forleathana a fhorbairt chun feabhas a chur ar shaol na bpobal go léir ar a ndéanaimid freastal ar bhealach cothroime agus inbhuanaithe.



An Comhairleoir Wayne Harding  
**Cathaoirleach, BOOLM**

## 2. Brollach an Phríomhfheidhmeannaigh



Is cúis áthais dom, mar Chathaoirleach BOO Lú agus na Mí Plean Seirbhíse Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí 2021 a chur i láthair. Is eagraíocht fhorásach dhinimiciúil é BOOLM a fhreagraíonn do riachtanais daonra atá ag méadú, agus a sholáthraíonn oideachas ionchuimsitheach ar fud Chontae Lú agus Chontae na Mí.

Tá athruithe déimeagrafacha agus fás ó thaobh daonra de sa dá chontae tar éis cur le tréimhse iontach agus an-dúshlánach i BOOLM. Is léiriú ar na hathruithe sin é an méadú atá tagtha ar líon na ndaltaí ar an rolla agus na scoileanna agus tionscadail tógála eile atá tosaithe sa dá chontae. Tá ríméad orm gur roghnaíodh BOOLM mar phátrún ar scoil nua ina mbeidh 600 dalta meánscoile ag freastal, i.e. Coláiste Ríoga i nDún Seachlainn, faoi mar a d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley TD. Cuirfidh an scoil nua seo feabhas mór ar sholáthar an oideachais agus na foghlama i gceantar Dhún Seachlainn.

Tá ríméad orm freisin go bhfuil ceadú faighte ón Roinn Oideachais chun ceannach suímh bhuan le haghaidh Scoil Náisiúnta Phobail Ard Rí, an Uaimh a chur i gcrích, chomh maith le ceannach na suíomhanna le haghaidh Scoil Náisiúnta Phobail Dhún Seachlainn agus Choláiste Ríoga, Dún Seachlainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hoifigigh sa Roinn as a gcabhair agus a dtacaíocht ó thaobh na suíomhanna iontacha sin a fháil agus iad lonnaithe chomh cóngarach sin do bhaile na hUaimhe agus do bhaile Dhún Seachlainn faoi seach.

Tá méadú tagtha ar rollú réamh-mheasta Choláiste na hInse san Inse go 1,300, rud a chiallaíonn go gcuirfear mórshíneadh buan leis an scoil. Tiocfaidh méadú freisin ar rollú réamh-mheasta Choláiste Beaufort go 1,000 agus tá foireann deartha ceaptha chun an mórshíneadh a phleanáil, Aonad Riachtanas Speisialta san áireamh. Tá ceadú faighte freisin le haghaidh mórshínidh le Coláiste Pobail Dhún Seachlainn agus tá an próiseas deartha faoi lán seoil chun foirgneamh buan a thógáil le haghaidh Choláiste de Lacy, Cill Dhéagláin, áit a mbeidh spás do 1500 dalta. Cuireann na forbairtí nua deiseanna iontacha ar fáil chun breis daltaí a thógáil isteach sna scoileanna seo, rud a chruthóidh deiseanna breise fostaíochta i réigiún Lú agus na Mí agus a chinnteoidh go leanfaidh BOOLM ar aghaidh mar an soláthraí oideachais is mó sa réigiún. Tá BOOLM tar éis rollú réamh-mheasta fadtéarmach de 1500 a chomhaontú le haghaidh Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha agus tá sceideal flaithiúil cóiríochta daingnithe chun foirgnimh bhuan a thógáil ann. Ba mhaith linn foireann deartha a cheapadh níos déanaí i mbliana d'fhonn an próiseas deartha a chur ar aghaidh, cead planála a dhaingniú agus tús tapa a chur le céim na tógála. I ndiaidh plé leanúnaigh leis an Roinn, tá súil againn go n-éireoidh linn sceideal athbhreithnithe cóiríochta a fháil le haghaidh Cheanncheathrú BOOLM i nDroichead Átha. Nuair a bheidh an sceideal sin faighte againn, táimid ag tnúth le foireann deartha a fhostú chun an dearadh deireanach a fhorbairt agus na ceaduithe riachtanacha a dhaingniú.

Tá ríméad an domhain orainn, i ndiaidh tréimhse deacra i gColáiste Ráth Tó, go bhfuil obair ar siúl faoi láthair chun an mórthionscadal sínidh scoile a chur i gcrích le haghaidh phobal Ráth Tó agus gabhaimid buíochas leis an bhfoireann deartha as an dul chun cinn atá déanta go dtí seo chun a chinntiú go gcríochnófar an tionscadal seo ó mí Márta na bliana seo.

Tá BOOLM an-sásta cabhrú le scoileanna nach scoileanna BOO iad lena tionscadail tógála agus tá bainistiú á dhéanamh againn faoi láthair ar aonad 3 rang le haghaidh daltaí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais acu i Scoil Náisiúnta Mhuire, an Mhaighean; scoil nua 5 sheomra ranga le haghaidh Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Dún Búinne; síneadh a chur le Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias, na Creagacha Dubha; agus Bonn Riachtanas Speisialta Oideachais ina mbeidh 4 sheomra ranga i Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath. Iarradh orainn freisin breithniú a dhéanamh ar mhaoirsiú a dhéanamh ar roinnt tionscadal tógála arna ndéanamh ag Pátrúin eile ar fud Lú agus na Mí.

Tá BOOLM ag súil le deiseanna iontacha nuálaíochta forbartha amach anseo i réimse an Bhreisoideachais agus Oiliúna agus tá cur chun cinn suntasach déanta cheana féin ó thaobh an Ard-Ionaid Bairr Feabhais Déantúsaíochta agus Oiliúna (AMTCE) i nDún Dealgan a fhorbairt. Tá an AMTCE lonnaithe ar Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste agus soláthróidh sé na hardscileanna déantúsaíochta agus teicneolaíochta is gá chun todhchaí na déantúsaíochta sa réigiún a chinntiú. Tá sé i gceist go gcuirfidh sé seo le táirgiúlacht agus iomaíochas comhlachtaí rannpháirtíochta agus go dtacóidh sé ó thaobh teicneolaíochtaí nua a ghlacadh chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda / Brexit.

Tá iarratas ar mhaoiniú arna chur isteach chuig SOLAS chun suíomh oiriúnach a fháil le haghaidh Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne á chur ar aghaidh faoi láthair.

Ar an dea-uair, fuaireamar tacaíocht ó Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais, Seán Ó Foghlú, Uasal agus a oifigigh, mar aon le tacaíocht ó Jim Breslin, Uasal, Ard-Rúnaí na Roinne Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus ó Andrew Brownlee, Uasal, Príomhfheidhmeannach SOLAS. Leis an tacaíocht iomlán uathu sin go léir, cuireadh ar ár gcumas dúinn saoráidí oideachais agus oiliúna den chéadscóth a sholáthar dár ndaltaí agus foghlaimeoirí go léir. Trí bheith páirteach i ngrúpa oibre arna stiúradh ag Coimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus um Chothromas, tá sé beartaithe ag BOOLM tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéis a úsáidfead chun cineál athraitheach dhualgas na hearnála poiblí maidir le cothroime a chuimsiú go hiomlán inár ráitis mhisin agus pleananna seirbhíse amach anseo. Is é is aidhm leis seo ná an freastal is fearr a dhéanamh ar an bhfoghlaimeoir agus oideachas atá go hiomlán uilechuimsitheach a chur ar fáil.

Agus BOO ag tosú ar thréimhse thábhachtach inár bhforbairt, molaim do chách súil ghéar a choinneáil ar roinnt fógraí an-tábhachtacha a bheidh á ndéanamh agam le linn 2021 agus féachaimid ar aghaidh le misneach agus i gcomhpháirtíocht lenár n-ionadaithe tofa agus na pobail ar a ndéanaimid freastal. Ghlac baill uile an Bhoird ról ríthábhachtach sna comh-éachtaí atá bainte amach ag BOOLM, agus thug siad an-tacaíocht do na héachtaí sin go léir, agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú ar fad. Táim ag súil go mór le go leor mórdheiseanna forbartha in 2021.

**Martin G. O' Brien**

**Príomhfheidhmeannach**


### 3. Próifíl / Cúlra BOO Lú & na Mí

#### Boird Oideachais & Oiliúna

Is údaráis reachtúla iad BOOanna atá freagrach as oideachas agus oiliúint, obair don aos óg agus réimse Feidhmeanna eile reachtúla. Déanann na Boird seo scoileanna dara leibhéal, coláistí breisoideachais, agus réimse sármaith ionad do dhaoine fásta agus breisoideachas a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil a bhainistiú agus a fheidmiú. Is scoileanna páisteláraithe, il-sainchreidmheacha iad Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNPanna) atá cuntasach go poiblí agus a dhéanann gach iarracht oideachas ardchaighdeán a sholáthar do gach leanbh. Leagtar amach feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna in Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

#### *Struchtúr Geografach*

Tá 16 BOO ar an iomlán ar fud na tíre mar a leagtar amach anseo thíos.



## Oideachas Céadleibhéil

Is iad na BOOanna na patrúin ainmnithe ar roinnt Scoileanna Náisiúnta Pobail. Is scoileanna páisteláraithe, il-sainchreidmheacha iad Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNPanna) atá cuntasach go poiblí agus a dhéanann gach iarracht oideachas ardchaighdeán a sholáthar do gach leanbh i gcomhréir le Curaclam na Bunscoile agus na treoirlínte arna leagan síos ag an Roinn Oideachais.

## Oideachas Dara Leibhéal

Bainistíonn BOOanna aon trian de na scoileanna dara leibhéal ar fad sa tír – sin oideachas le haghaidh breis agus 100,000 dalta. Feidhmíonn siad beartais rollaithe ionchuimsitheacha agus déanann siad freastal ar líon suntasach daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

## Breisoideachais & Oiliúna

Soláthraíonn BOOLM breisoideachais agus oiliúna do bhreis agus 21,779 duine gach bliain. Áirítear leis sin 1,655 duine atá ina bhfoghlaimoirí ar chlár féinmhaoinithe. Soláthraítear seirbhísí trí réimse clár atá ann chun freastal ar raon éagsúil riachtanas lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, oiliúint scileanna, printiseachtaí, Ógtheagmháil, tionscnaimh um Fhilleadh ar an Obair agus oideachas/oiliúint pobalbhunaithe, etc. Áirítear i measc na seirbhísí tacaíochta Treoir agus eolas maidir leis an Oideachas Aosach, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus Dearbhú Cáilíochta, agus tacaíonn gach ceann díobh seo le hobair na gclár Breisoideachais agus Oiliúna.

## Ionad Bairr Feabhais um Ard-Déantúsaíocht agus Oiliúint (AMTCE)

# AMTCE

Advanced Manufacturing  
Training Centre of Excellence  
Ionad Oiliúna  
Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta

## Imetb

Tá an AMTCE lonnaithe i bPáirc Ghnó Xerox agus tá sé dírithe ar fhorbairt agus seachadadh na hoiliúna don earnáil déantúsaíochta ar bhonn náisiúnta. Soláthróidh an t-ionad clár oiliúna a thosóidh sa chéad leath de 2021 agus atá deartha chun tacú le daoine i bhfostaíocht a dteastaíonn uathu athoiliúint nó uasoiliúint a dhéanamh. Cumasóidh an oiliúint freagra réigiúnach agus náisiúnta ar riachtanais athraitheacha na hearnála déantúsaíochta atá dírithe ar an ngá atá

le teicneolaíochtaí agus cleachtais na hearnála tionsclaíochta 4.0 a ghlacadh. Soláthróidh an t-ionad oiliúint freisin trí phrintiseachtaí agus cúrsaí oiliúna do dhaoine a bhfuil suim acu gairmeacha a leanúint i réimse na hard-déantúsaíochta. Sa tsaoir 55,000 troigh seo, tá réimse de threalamh úrscothach a bhaineann le róbataic/róbataic chomhoibritheacha, dearadh/déantúsaíocht ríomhchuidithe, déantúsaíocht bhreisithe, teicneolaíochtaí fíorúla agus réaltachta breisithe, agus le hábhair eile nach iad. Tá saoráid MakerLab á forbairt ag an ionad chun gníomhaíochtaí ceardlainne agus tionscadalbhunaithe a sholáthar do scoileanna sa réigiún chun smaointeoireacht agus cleachtas nuálach a spreagadh agus a chur chun cinn i measc daltaí dara leibhéal trí úsáid agus feidhmiú cruthaitheach na teicneolaíochta. Tá saoráidí comhdhála agus ionaid ghnó san ionad freisin chun imeachtaí tionscail a óstáil agus feidhmeoidh na saoráidí seo mar lárphointe chun cleachtais nuálaíochta i gcuideachtaí a spreagadh trí theicneolaíochtaí tionscalaíochta 4.0 a ghlacadh agus a chur a i bhfeidhm.

## Seirbhísí Óige

Tacaíonn agus soláthraíonn Seirbhísí Óige réimse clár do dhaoine óga.

## Tacaíochtaí Eile

Déanann na BOOanna comhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le grúpaí páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla chun réimse de chlár gníomhaíochtaí tosaíochta a sholáthar, ag freastal ar riachtanais éagsúla grúpaí cliant i bpobail áitiúla.

## BOOÉ (Boird Oideachais & Oiliúna Éireann)

Is é BOOÉ an comhlacht ionadaíochta náisiúnta do bhall-BOOanna agus déanann sé caibidlíocht thar ceann earnáil na mBOOanna ag fóraim éagsúla laistigh d'earnáil an oideachais, laistigh den tseirbhís phoiblí agus ag leibhéal an AE.



## Limistéir agus láithreacha gheografacha

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí réimse leathan seirbhísí oideachais agus oiliúna, agus tacaíocht ar fud an dá chontae sin. Tugtar liosta iomlán de na scoileanna agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna thíos.

## Cúlra & Faisnéis Staitistiúil

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Bunaíodh BOOLM nuair a rinneadh cónascadh idir Coiste Gairmoideachais Lú agus Coiste Gairmoideachais na Mí. Déantar foráil san Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013 feidhmeanna oiliúna agus foireann FÁS mar a bhí a aistriú chuig na BOOanna nuabhunaithe. Ar an 1 Iúil 2014, tháinig sean-ionad oiliúna FÁS i nDún Dealgan, Co. Lú faoi rialachas BOOLM. Is é Bord Oideachais BOOLM) an soláthraí cuimsitheach is mó ó thaobh an oideachais de i réigiúin Lú agus na Mí, agus cuireann sé réimse seirbhísí oideachais ar fáil, idir an bunoidreachas, an t-iar-bhunoideachas agus an breisoideachas agus oiliúint. Baineann struchtúr corparáideach le BOOLM atá comhdhéanta de bhord arna cheapadh go daonlathach agus foireann ardbhainistíochta (feidhmiúcháin).

Freastalaíonn BOOLM ar chontaetha Lú agus na Mí, contaetha ina bhfuil thart ar 323,317 duine ar fad. Léirítear thíos anailís de réir contae.

## Daonra agus Athrí Iarbhír agus Athrú Céatadán 2011 go 2016\*

|                        |                      |                |
|------------------------|----------------------|----------------|
| <b>Lú</b>              | Daonra               | <b>128,375</b> |
|                        | Athrí iarbhír ó 2011 | <b>5,478</b>   |
|                        | % Athrú ó 2011       | <b>4.5%</b>    |
| <b>An Mhí</b>          | Daonra               | <b>194,942</b> |
|                        | Athrí iarbhír ó 2011 | <b>10,807</b>  |
|                        | Athrí % ó 2011       | <b>5.9%</b>    |
| <b>Lú &amp; an Mhí</b> | Daonra               | <b>323,317</b> |
|                        | Athrí iarbhír ó 2011 | <b>16,285</b>  |
|                        | % Athrú ó 2011       | <b>5.3%</b>    |

\*Réamhshonraí na Príomh-Oifige Staidrimh

I measc na seirbhísí a sholáthraímid tá bunoidreachais, oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúna, agus seirbhísí óige, chomh maith le cláir agus seirbhísí oideachais pobalbhunaithe eile. Soláthraítear na seirbhísí go léir ag an leibhéal áitiúil. Chomh maith leis sin, soláthraíonn BOOLM oiliúint ard-déantúsaíochta ón AMTCE i nDún Dealgan.

Is iad seo a leanas sprioc-chliaint BOOLM:

- Daltaí agus/nó a dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Foghlaimeoirí aosacha
- Pobail ar fud an dá chontae
- Daoine óga agus deonaigh
- Iarratasóirí agus faighteoirí deontais faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta mac léinn arna riaradh go díreach ag an BOO



- Eagraíochtaí deonacha, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí spóirt
- Gnó agus Tionsclaíocht

Bainistíonn agus feidhmíonn BOOLM:

- 17 scoil dara leibhéal
- 2 choláiste iar-Ardteistiméireachta 1 champas comhroinnte iar-Ardteistiméireachta (san áireamh sna scoileanna thuasluaite)
- 4 Scoil Náisiúnta Phobail
- 1 Ionad don Scolaíocht Eorpach
- 1 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad Bairr Feabhais um Ard-Déantúsaíocht agus Oiliúint
- 8 nIonad Ógtheagmháil
- Tá réimse ionad Breisoideachais agus Oiliúna ann freisin a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna

Tá BOOLM ina chomphatrún ar na 6 Scoil Phobail seo a leanas: Baile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin, agus Coláiste Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta do shármhaitheas agus nuálaíocht a bhaint amach san oideachas do dhaoine óga agus d'aosaigh, trí arna soláthar ag foireann ghairmiúil. Tá bród orainn freastal ar phobail Lú agus na Mí, obair a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe oideachais, agus cur le forbairt agus fás réigiún Lú agus na Mí. Tá sé mar aidhm ag BOOLM a bheith ina phríomhsholáthraí d'oideachas agus seirbhísí ardchaighdeáin do mhuintir chontaetha Lú agus na Mí trí réimse éagsúil clár inrochtana, forásacha agus freagrúil a bhainistiú agus a sholáthar.

## 4. Ráiteas ar Sheirbhísí 2021

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOLM, sainaitnítear na spriocanna agus tosaíochtaí seo a leanas: Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha is gá chun na tosaíochtaí a bhaint amach, mar aon leis na táscairí agus spriocanna feidhmíochta atá le seachadadh.

| Sprioc   | Tosaíocht  | Gníomhaíocht   | Táscaire Feidhmíochta  | Sprioc  |
|--|--|--|--|---|
| <b>Eispéireas an Dalta/Foghlaimora a Bharrfheabhsú</b> | Taithí dearfach a sholáthar d'fhoghlaimoirí uile, lena n-áirítear foghlaimoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Soláthar leanúnach de réimse leathan clár ag leibhéal 1-6 agus tacaíochtaí gaolmhara, chun rannpháirtíocht foghlaimoirí de gach aois agus cumas a éascú.   | Réimse leathan clár BOO á gcur ar fáil agus á seachadadh   | Rollú méadaithe agus coinneáil láidir   |
|  | Curaclam leathan a chur ar fáil  | <p>Leanúint ar aghaidh le cláir reatha a sheachadadh agus cláir nua a thabhairt isteach</p> <p>Teagmháil leanúnach le fostóirí agus díoltóirí chun riachtanais reatha agus riachtanais todhchaí a shainaitint</p> <p>Bualadh leis an bPríomhoide agus Príomhoide Tánaisteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar curaclaim sna scoileanna</p> | <p>Cláir nua arna dtosú ag gach Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna ar leith</p> <p>Athbhreithniú déanta ar an gcuraclam sna scoileanna</p> <p>Cúrsaí a bhaint agus a chur leis an gcatalóg oiliúna</p>  | <p>Clár nua tosaithe</p> <p>Athbhreithniú déanta ar an gcuraclam sna scoileanna go léir</p> <p>Cúrsaí nua curtha leis, bunaithe ar riachtanais shainaitheanta sa tionscal</p> |
|  | Córais um Dhearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm  | <p>Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ábhartha le cur ar fáil do cheannairí uile scoileanna i BOOLM</p> <p>Rannpháirtíocht sa Phlean um Fheabhsú Cáilíochta a chur i bhfeidhm leanúnach mar chuid den Athbhreithniú ar an Earnáil QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann)</p>   | <p>3 lá tiomnaithe dírithe ar forbairt Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha Clár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach le haghaidh na meánbhainistíochta i scoileanna</p> <p>Cur chun feidhme éifeachtach an Phlean um Fheabhsú Cáilíochta Tuarascáil cuimsitheach athbhreithnithe ullmhaithe don QQI</p> | <p>Clár curtha i gcrích</p> <p>Clár curtha i gcrích</p> <p>Doiciméid QQI curtha isteach</p>   |

| Sprioc   | Tosaíocht   | Gníomhaíocht  | Táscaire Feidhmíochta  | Sprioc  |
|--|---|---|--|---|
| <b>Eispéireas an Dalta/ Foghlaimeora a Bharrfheabhsú</b> | Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/foghlaimeoirí atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil, i gcomhréir leis beartas naisiúnta reatha | Ranganna nua a oscailt do dhaltaí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais acu, nuair is gá<br><br>Tacaíocht leanúnach a thabhairt d'foghlaimeoirí chun Cláir BOO a rochtain agus a chur i gcrích, agus dul ar aghaidh uathu freisin. Sainaitheint leanúnach bearnaí / riachtanas, agus tionscnaimh a fhorbairt chun dul i ngleic leo sin                | Stiúrthóir na Scoileanna agus Príomhoidí le bualadh le hEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) chun straitéisí a chomhaontú<br><br>Cláir lena mbaineann liúntais agus tacaíochtaí eile d'foghlaimeoirí á gcoinneáil agus á leathnú | Ranganna nua ar oscailt más gá/má cheadaítear iad<br><br>Leathnú déanta ar chláir                         |
|  | Seirbhísí treorach agus comhairleoireachta a chur ar fáil   | Treoirchomhairleoir a chur ar fáil agus a chinntiú go mbeidh rochtain ar dhaltaí uile iar/uirthi<br><br>Tacaíochtaí treoirchomhairleoireachta a sholáthar do ghrúpaí / daoine aonair soghonta Tús áite a thabhairt do choinneáil iomlán, cuir i gcrích na gclár agus dul ar aghaidh.  | Úsáid sholúbtha Treoirchomhairleoirí nuair nach líontar folúntais<br><br>Ardleibhéal treorach agus tacaíochta á gcur ar fáil d'foghlaimeoirí uile  | Rochtain ar Threoir a chinntiú i gcónaí<br><br>Figiúirí méadaithe maidir le coinneáil agus dul ar aghaidh |
|  | Saoráidí ardcháilíochta foghlama/oiliúna a chur ar fáil   | Leanúint den timpeallacht thógtha a fhorbairt agus a chothabháil, lena n-áirítear maidir le tionscadail chineachta<br><br>Leas a bhaint as an gcóras bainistíochta foghlama (CBF) chun an eispéireas d'foghlaimeoirí a fheabhsú agus tacaíochtaí foghlama a chur ar fáil lasmuigh d'uaireanta teagaisc  | Saoráidí oiriúnacha<br><br>Daltaí rannpháirteach/ag úsáid an CBF agus aiseolas dearfach á fháil  | Tionscadail faoi lán seoil<br><br>Cúrsaí oiliúna ag baint leasa as CBF chun tacú le foghlaimeoirí         |
|  | Pleanáil a dhéanamh maidir le déimeagrafaic atá ag athrú  | Leanúint ar aghaidh de scoileanna agus saoráidí a fhorbairt sna réimsí seo a leanas: fás an daonra lena n-áirítear SNPanna, síntí le scoileanna dara leibhéal, cláir phrintíseachtaí a leathnú, ASU, imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht chun tionscnaimh a fhorbairt, lena n-áirítear i réimse na hard-déantúsaíochta agus réimse an chomhoibríthe trasteorann | Saoráidí nó seirbhísí beartaithe nó curtha i bhfeidhm chun soláthar a dhéanamh do dhéimeagrafach athraithe   | Tionscadail faoi lán seoil  |

| Sprioc   | Tosaíocht  | Gníomhaíocht   | Táscaire Feidhmíochta  | Sprioc  |
|--|--|--|--|---|
| <b>Eispéireas an Dalta/Foghlaimora a Bharrfheabhsú</b> | Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le fostóirí   | <p>Obair a dhéanamh chun naisc éifeachtacha tionscail a fhorbairt</p> <p>Féachaint le rannpháirtíocht fostóirí a mhéadú i bhforbairt scileanna agus pleanáil lucht a oibre</p> <p>An Clár Scileanna um Dhul ar Aghaidh a fhorbairt agus a leathnú</p> <p>Soláthar cúrsaí oíche i BOOLM a fhorbairt tuilleadh</p> <p>Teagmháil a dhéanamh le Fóram na Scileanna Réigiúnacha ar bhealach strúchtúrtha lánbhí</p>   | <p>Oiliúint bhreise a chur ar fáil le haghaidh áiteanna oibre agus fostóirí</p> <p>Tuilleadh forbartha agus neartaithe déanta ar naisc BOOLM/tionscail</p>                                     | <p>Líon breise clár curtha ar fáil do líon breise rannpháirtithe</p> <p>Réimse leathan clár lae agus oíche curtha ar fáil i BOOLM</p>                     |
|  | Cláir oiliúna agus printíseachta a sholáthar agus a fhorbairt a fhreagraíonn d'athruithe i riachtanais tionscail | <p>Obair a dhéanamh chun réimse na gclár agus na gcéimeanna printíseachta a chuirtear ar fáil i BOOLM a leathnú</p> <p>Obair a dhéanamh chun litearthacht agus uimhearthacht a chomhtháthú i gclár printíseachta &amp; oiliúna uile</p> <p>Leanúint de theagmháil a dhéanamh le fostóirí, grúpaí ionadaíochta fostóirí agus páirtithe leasmhara eile ó thaobh cúrsaí oiliúna a fhorbairt</p> <p>Na sineirgí idir soláthair Iar-Ardteistiméireachta agus cúrsaí oiliúna / printíseachtaí a chothabháil agus a fhorbairt</p> | <p>Tús curtha le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna nua, agus cláir reatha fós á gcur ar siúl</p> <p>Tús a chur le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna nua, agus cláir reatha a chothabháil</p> | <p>Tús a chur le cláir phrintíseachta nua</p> <p>Cúrsaí oiliúna nua</p> <p>Ag obair i gcomhar chun líon, réimse agus raon níos mó clár a chur ar fáil</p> |

| Sprioc  | Tosaíocht   | Gníomhaíocht  | Táscaire Feidhmíochta   | Sprioc  |
|---|---|---|---|---|
| <b>Eispéireas an Dalta/Foghlaiméora a Bharrfheabhsú</b> | A chinntiú go bhfuil na bearta uile cumhdach leanaí i bhfeidhm i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | Nósanna imeachta agus próisis iomchuí á gcur i bhfeidhm agus á gclóí leo i Scoileanna, Ionaid   | Comhlíonadh leanúnach   | Comhlíontach  |
| <b>Tacaíocht Foirne</b>                                 | Earcaíocht agus coinneáil foirne  | Iarrachtaí leanúnacha chun foireann a earcú agus a choinneáil ar fud na scéime  | Líon na gcomórtas á reáchtáil<br><br>Iarratais a fuarthas   | De réir mar is gá<br><br>Méadaithe  |
|   | Tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach   | Clár FGL a sholáthar do bhaill foirne uile i scoileanna BOOLM<br><br>Tacaíochtaí ar líne le haghaidh foirne<br><br>Ball foirne a cheapadh mar bhainisteoir oiliúna<br><br>Anailís ar riachtanais oiliúna a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar bhainistíocht airgeadais<br><br>Clár oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le bainistíocht airgeadais | Clár Ionduchtúcháin a sholáthar do Mhúinteoirí nua<br><br>FGL le haghaidh na hardbhainistíochta agus na meánbhainistíochta<br><br>Acmhainní SharePoint a leathnú<br><br>Oiliúint maidir le RSGC (Rialachán um Shonraí Ginearálta a Chosaint)<br><br>Bainisteoir Oiliúna ceaptha<br><br>Anailís ar riachtanais oiliúna le déanamh<br><br>Taighde á dhéanamh ar mhaithe le hoiliúint i mBainistíocht Airgeadais | Múinteoirí nua uile le páirt a ghlacadh in Ionduchtúchán<br><br>De réir mar is gá<br><br>I bhfeidhm<br><br>I bhfeidhm<br><br>Aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiliúna arna sainiú trí chúrsaí oiliúna<br><br>Na roghanna oiliúna atá ar fáil a chur in iúl don fhoireann, agus oiliúint a chur i bhfeidhm |
|   | Tacaíocht a thabhairt do cheannaireacht ardchaighdeán agus forbairt a dhéanamh uirthi   | Oiliúint le haghaidh Bhord agus Bhord Bainistíochta BOOLM<br><br>Cruinnithe a chinntiú ar bhonn rialta le haghaidh na bainistíochta, an Stiúirthóra agus chinn rannóige   | Seimineáir do Bhaill Bhoird uile, lena n-áirítear coistí ar rialachas corparáideach<br><br>Cruinnithe de chuid na Foirne Bainistíochta Sinsearaí (FBS) agus na Rannóga éagsúla á reáchtáil  | Oiliúint curtha ar fáil don bhord<br><br>Oiliúint curtha ar fáil don Bhord Bainistíochta<br><br>Cruinnithe reáchtáilte  |

|  |   |   |   |
|--|---|---|---|
|  | FGL le haghaidh na bainistíochta sna réimse ábhartha go léir  | Cúrsaí á reáchtáil sna réimsí seo a leanas: soláthar, rialachas, Sláinte % Sábháilteacht, Saoráil Faisnéise, cosaint sonraí, bainistíocht sócmhainní, TFC, Oiliúint Feidhmiúcháin, etc. de réir mar is gá | Oiliúint curtha ar fáil   |
| Feasacht ar shláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn | Plean Sláinte agus Sábháilteachta éifeachtach a chur i bhfeidhm don eagraíocht agus tús áite a thabhairt d'oiliúint do bhainisteoirí i réimse na feasachta agus saineolais maidir le sláinte agus sábháilteacht | Tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta á fhorbairt ar bhonn náisiúnta agus tá sé á chur i bhfeidhm i gcomhairle le ceardchumainn na hearnála   | FGL leanúnach le forbairt chun freastal ar na riachtanais sa réimse seo |
| Timpeallacht oibre dhearfach agus tacúil le cur ar fáil  | Tionscnaimh a fhorbairt/cúrsaí oiliúna a reáchtáil ar bhonn leanúnach chun timpeallacht oibre dhearfach le línte soiléire cumarsáide a spreagadh  | Mothaíonn baill foirne go bhfuil tacaíocht acu agus bíonn fonn oibre orthu san ionad oibre  | Leanúnach   |

| Sprioc                  | Tosaíocht   | Gníomhaíocht   | Táscaire Feidhmíochta  | Sprioc   |
|-------------------------|---|--|--|--|
| <b>Tacaíocht Foirne</b> | Tacaíocht a thabhairt d'fholláine foirne  | Folláine foirne le cur san áireamh i gClár FGL don fhoireann<br><br>Tacaíochtaí iomchuí curtha ar fáil don fhoireann a bhfuil saincheisteanna sonracha folláine acu<br><br>Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (Inspire) i bhfeidhm don fhoireann uile Seirbhís teileafóin ar fail agus eolas maidir le folláine á gcur timpeall ar bhonn rialta   | Tacaíocht 24/7 don fhoireann go léir   | Feasach a chothú ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe  |
| <b>Rialachas</b>        | Struchtúir agus córais eagraíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le riachtanais athraitheacha na heagraíochta | Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta i ndiaidh Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO)<br><br>Cairt eagraíochta a fhorbairt ina leagtar amach ról agus freagrachtaí   | Cumarsáid fheabhsaithe idir agus laistigh de ranna Sreabhaidh oibre feabhsaithe<br><br>Gan bearnaí ar bith sa tseirbhís má tá ball foirne as láthair nó daoine imithe ar scor Torthaí feabhsaithe d'fhoghlaimoírí agus éifeachtúlachtaí eagraíochta          | Athbhreithniú déanta ar struchtúir agus athruithe déanta de réir mar is gá Nuashonrú a dhéanamh ar chairteacha eagraíochta, pleananna trasoiliúna agus lámhleabhair ar bhonn leanúnach de réir mar is gá Leanúnach |
|                         | Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais agus riosca  | Athbhreithniú a dhéanamh de réir an sceidil ar Bhainistíocht Riosca maidir le TFE (Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin), BOO agus Scoileanna, ag brath ar chineál agus déine an riosca agus ar na bearta iomchuí a ghlactar chun an riosca a bhainistiú<br><br>Cistiú lar-Ardteistiméireachta a aistriú chuig buiséad SOLAS agus bainistiú a dhéanamh ar phróisis / tuairisciú gaolmhar nua<br><br>Dea-rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm chun cuntasacht a chinntiú; clár riosca a réiteach agus athbhreithniú ar rialú inmheánach a chur i gcrích. | Bearta ón mBainistíocht Riosca curtha i bhfeidhm<br><br>Aistriú éasca an bhuiséid agus costais ábhartha uile curtha san áireamh<br><br>Athbhreithniú déanta ar an gClár Rioscaí agus ar rialuithe inmheánacha ar bhonn rialta agus na bearta iomchuí glactha | Bearta ón mBainistíocht Riosca curtha i bhfeidhm<br><br>Aistriú rathúil an chistithe agus acmhainní leordhóthanacha chun ábhar lar-Ardteistiméireachta ardchaighdeán a sholáthar<br><br>Leanúnach                  |



| Sprioc           | Tosaíocht  | Gníomhaíocht  | Táscaire Feidhmíochta  | Sprioc   |
|------------------|--|---|--|--|
| <b>Rialachas</b> |  | <p>Ráiteas airgeadais bliantúla, Plean Seirbhíse, Tuarascáil Bhliantúil, tuairisceáin mhíosúla, tuarascálacha don Bhord agus do Choistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca, tuarascálacha don Bhord Bainistíochta, tuairisceáin Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), tuairisceáin FARR etc.. curtha i gcrích in am agus go cruinn</p> <p>Bainistiú rathúil déanta ar aistriú SGCO don phárolla agus d'fócaíochtaí printíseachta, lena n-áirítear ó thaobh foirne agus DCS de</p> <p>Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus nósanna imeachta Airgeadais uile</p> | <p>Tuarascálacha airgeadais ábhartha go léir curtha i gcrích agus curtha isteach in am</p> <p>Foirne tionscadail agus acmhainní curtha i bhfeidhm chun aistriú rathúil a chinntiú</p> <p>Athbhreithniú KOSI curtha i gcrích</p>  | <p>Tuarascálacha curtha i gcrích faoi na dátaí ábhartha</p> <p>Spriocdhátaí bainte amach</p> <p>Moltaí curtha i bhfeidhm</p> |
|                  | Úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní                                | Úsáid éifeachtúil agus éifeachtach acmhainní uile a chinntiú, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, pearsanra, agus éifeachtúlacht fuinnimh   | Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí i gcoinne an phlean seirbhíse   | Bliantúil agus leanúnach   |
|                  | Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh                                       | Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta, na meáin thraidisiúnta agus trí fhógraíocht éifeachtúil a dhéanamh ar róil agus imeachtaí   | Rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara trí twitter agus tríd an suíomh gréasáin Beartais, doiciméid reachtúla agus miontuairiscí boird uile a fhoilsiú ar líne<br>Folúntais a fhógairt ar líne, chomh maith le ar na meáin thraidisiúnta<br>'Treisithe' a úsáid chun an t-ábhar ar na meáin shóisialta a chur chun cinn de réir mar is cuí | Leanúnach  |
|                  | Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha | Comhaontuithe Seirbhíse curtha i gcrích, bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla le gníomhaireachtaí seachtracha lena mbímid ag déileáil ó thaobh cúrsaí airgeadais agus cúrsaí straitéiseacha de  | Comhaontuithe Seirbhíse agus comhaontuithe DP curtha i gcrích de réir mar is cuí   | Leanúnach  |

| Sprioc           | Tosaíocht  | Gníomhaíocht  | Táscaire Feidhmíochta  | Sprioc  |
|------------------|--|---|--|---|
| <b>Rialachas</b> | Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú  | Beartais agus nósanna imeachta cosanta sonraí a uasdátú agus oiliúint a sholáthar do bhaill foirne uile agus oiliúint athnuachana a sholáthar ar bhonn rialta trí sheisiúin faisnéise agus ríomhfhoghlama a chur ar fáil. Comhaontuithe cosanta sonraí le gníomhaireachtaí eile, sínithe nuair is gá.   | Ardleibhéal feasachta ar chúrsaí cosanta sonraí i measc ball foirne  | Leanúnach   |
|                  | Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt   | Leanúint dá chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar BOOLM agus go bhfuil sé gníomhach ar fhóiraim náisiúnta, agus naisc agus comhoibriú a dhoimhniú le comhlachtaí cistithe   | Réimse comhpháirtíochtaí forbartha le hÚdaráis Áitiúla, lena n-áirítear scéim na nDeontas Beag, comhpháirtíochtaí Music Generation i gcontaetha Lú agus na Mí, tionscadail tógála chineachta agus deiseanna a thapú i réimse an chomhoibríthe trasteorann, réimse na hard-déantúsaíochta, chomh maith le hullmhacht le haghaidh Brexit | Leanúnach   |
|                  | Dea-chleachtas um sholáthar a leanúint   | Plean Corparáideach Soláthair a choinneáil agus Córas Bainistíochta Conartha a chur i bhfeidhm chun luach ar airgead agus comhlíonadh le treoirlínte náisiúnta soláthair a chinntiú   | Leanúint de spriocanna a shíneadh ó thaobh cloí le treoirlínte soláthair chun a chinntiú go ndéantar an treocht leanúnach a choinneáil agus a mhéadú   | Leanúnach   |
|                  | Comhlíonadh le ceanglais reachtúla agus rialála a chinntiú<br><br>Rátaí freastail ar chruinnithe boird<br><br>Féinmheasúnuithe Boird | A chinntiú go gcuirtear isteach go cruinn agus in am na tuairisceáin uile don roinn agus do na Coimisinéirí Ioncaim<br><br>Cuirfidh BOOLM béim an athuair ar thábhacht freastail ar chruinnithe uile de chuid an bhoird, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas na mBOOanna<br><br>Déanfaidh BOOLM féinmheasúnaithe, trí leas a bhaint as an gceisteoir a áirítear sa Chód Cleachtais, chun | Tuairisceáin curtha isteach in am, gan pionós ar bith curtha<br><br>Meabhrúchán seolta<br><br>Measúnú déanta   | Leanúnach<br><br>É a chur san áireamh san ionductú agus meabhrúchán bliantúil a chur amach<br><br>Bliantúil |

|   |  |   |   |
|---|--|---|---|
